AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE

B1X

Alt bhreithniú deonach ar ráitis airgeadais íochtacha

Alt 366 Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir na cuideachta

Stampa dáta faighe CRO agus barcode

Comhlánaigh le do thoil trí úsáid a bhaint as clóscríobh dubh nó as BLOCLITREACHA, agus déan tagairt do na nótaí íniúcháin

Ainm na cuideachta
ina iomláine

nóta a haon

An Tuairisceán Bunaidh ullmhaithe cothrom le: Lá Mí Bliain

Uimhir Thaiscthe an Tuairisceáin Bhliantúil Bhunaidh

Tá na ráitis/tuarascálacha airgeadais a cuireadh isteach roimhe seo leis an tuairisceán bliantúil á n-athbhreithniú trí chur isteach an doiciméid nó na ndoiciméad seo a leanas.

Ráitis airgeadais
nóta a dó

- ☐ Nóta Forlíontach. Alt 366(3)(b)(i) Acht na gCuideachtaí 2014. Clúdaíonn an nóta forlíontach faisnéis arna cur ar fáil i nóta leis na ráitis airgeadais a bhí mícheart nó neamhiomlán. Ní dhéantar difear do na méideanna sa chuntas brabúis agus caillteanais, sa chlár comhardaithe nó i ráitis eile a éilítear faoin gcreat tuairiscithe airgeadais, ná do chur i láthair na ndoiciméad sin.
- ☐ Ráitis airgeadais athbhreithnithe arna gcur isteach. Alt 366(3)(b)(ii) Acht na gCuideachtaí 2014.

Tuarascáil na stiúrthóirí.
nóta a dó

- ☐ Nóta Forlíontach. Alt 366(4)(b)(i) Acht na gCuideachtaí 2014. Bhí an fhaisnéis i dtuarascáil bhunaidh na stiúrthóirí mícheart nó neamhiomlán ach ní dhéanann an t-athbhreithniú difear d'fhaisnéis eile i dtuarascáil na stiúrthóirí.
- ☐ Tuarascáil stiúrthóirí athbhreithnithe arna cur isteach. Alt 366(4)(b)(ii) Acht na gCuideachtaí 2014.

Tuarascáil iniúchóra
nóta a dó
nóta a trí

- ☐ Tuarascáil iniúchóra reachtúil ar na ráitis airgeadais athbhreithnithe nó ar thuarascáil athbhreithnithe na stiúrthóirí arna gcur isteach nó arna cur isteach. Alt 376(2)(a) Acht na gCuideachtaí 2014.
- ☐ Tuarascáil iniúchóra reachtúil ar an athbhreithniú trí mheán nóta forlíontach arna chur isteach. Alt 376(2)(b) Acht na gCuideachtaí 2014.

Deimhniú

Cuireadh cóipeanna de na ráitis airgeadais bhunaidh nó de thuarascáil bhunaidh na stiúrthóirí faoi bhráid na cuideachta i gcruinniú ginearálta nó rinneadh iad a sheachadadh chuig an gCláraitheoir, agus tá na hathbhreithnithe arna gcur isteach teoranta do cheartú na nithe sin a d'fhág gurb amhlaidh nár chomhlíon an doiciméad nó na doiciméid ceanglais Acht na gCuideachtaí nó Alt 4 den Rialachán um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta.

Síniú — Síniú — Dáta

☐ Stiúrthóir — ☐ Rúnaí

Ainmneacha
i mbloclitreacha

Deontóra

Ainm

Seoladh

Uimhir teileafóin — Uimhir faics

Ríomhphost — Teagmhálaí

Uimhir/Malartán DX — Uimhir thagartha

NÓTAÍ COMHLÁNÚCHÁIN FHOIRM B1X
Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht ábhartha.

Ginearálta

Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i gceart, ina hiomláine agus de réir na nótaí seo a leanas. Ní mór gach mír den fhoirm a chomhlánú.

nóta a haon

I gcás ina bhfuil na ráitis airgeadais bhunaidh cláraithe ag an gCláraitheoir, ní mór na ráitis airgeadais athbhreithnithe a chur ar an gclár as an nua agus ní mór go mbeadh táille comhdaithe (€40) in éineacht leis an bhfoirm..

nóta a dó

Cuir tic sa bhosca/sna boscaí cuí. Caithfidh oifigeach reatha na cuideachta an fhoirm seo a dheimhniú.

nóta a trí

I gcás nach gcáilíonn cuideachta mar chuideachta bheag/mheánmhéide a thuilleadh agus ina raibh ráitis airgeadais ghiorraithe comhdaithe aici roimhe sin de bhua an athbhreithnithe ar na ráitis airgeadais, ní mór d'iniúchóir reachtúil tuarascáil a chur isteach faoi alt 377(3). I gcás inarb amhlaidh, de bhua an athbhreithnithe, go bhfuil an chuideachta incháilithe fós maidir le ráitis airgeadais ghiorraithe a chur isteach, ní mór go sonrófaí i dtuarascáil na n-iniúchóirí reachtúla, faoi alt 377(5) d'Acht na gCuideachtaí 2014, i gcásanna ina bhfuil athbhreithniú déanta ar na ráitis airgeadais ghiorraithe, cibé is amhlaidh nó nach amhlaidh go mbaineann an t-athbhreithniú le gné éigin nach ndéanann aon difear do na ráitis airgeadais ghiorraithe, é sin nó cóip dá dtuarascáil ar na ráitis airgeadais athbhreithnithe a chur isteach.

Tar éis an Athbhreithnithe
Sa chás ina ndéantar athbhreithniú ar ráitis airgeadais maidir le bliain airgeadais, ní mór, sna chéad ráitis airgeadais reachtúla eile arna n-ullmhú tar éis dháta an athbhreithnithe, a lua gurb amhlaidh go ndearnadh athbhreithniú ar ráitis airgeadais roimhe sin agus sonraí a chur ar fáil faoin athbhreithniú agus faoi chúis an athbhreithnithe i nóta leis na ráitis airgeadais.

Tuilleadh faisnéise

Seoladh CRO

Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe agat, seol ar aghaidh í le do thoil leis an táille forordaithe chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ag:

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach

Seoladh DX: 271004. Malártan DX: Carlow 2

Íocaíocht

Má bhíonn tú ag íoc le seic, le hordú poist nó le dréacht bainc, íoc an táille leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí le do thoil. Caithfidh seiceanna nó dréachtaí bainc a theacht ó bhanc i bPoblacht na hÉireann.

Déan staidéar géar ar na nótaí míniúcháin thuas le do thoil. Fhoirm G1 nach bhfuil críochnaithe i gceart nó nach bhfuil na doiciméidí nó na táillí cearta ag dul leis cuirfidh an CRO ar ais í chuig an té a sheol í de bhum ailt 898 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Muna sheolfar an fhoirm cheartaithe chuig an CRO laistigh de 14 lá, measfar nár seoladh í chuig an CRO i dtús báire.

TÁ A THUILLEADH FAISNÉISE AR FHOIRM G1 A CHOMHLÁNÚ AR FÁIL AR WWW.CRO.IE NÓ TRÍD AN R-PHOST Ó INFO@CRO.IE